Preasráiteas

19-05-2021 - 15:52
20210517IPR04109

Parlaimint na hEorpa

Eagrán nua, níos ionchuimsithí den chlár Erasmus+ formheasta ag feisirí Eorpacha

- Beagnach dúbailt ar an maoiniú i gcomparáid leis an eagrán roimhe seo
- Féadfaidh foghlaimeoirí fásta cur isteach anois ar Erasmus+
- Beidh an clár níos cuimsithí, níos glaise agus níos oiriúnaí don úsáideoir

A gceadú tugtha ag feisirí Eorpacha do chlár an Aontais um oideachas, oiliúint, an óige agus spórt ©Auremar/AdobeStock

An 18 Bealtaine 2021, ghlac na feisirí an clár Erasmus+, eagrán 2021-2027 de chlár suaitheanta an Aontais um oideachas, oiliúint, an óige agus spórt.

Tá sé léirithe ag clár Erasmus+ go bhfuil ról tábhachtach aige i gcothú na féiniúlachta Eorpaí, agus don tréimhse 2021-2027 beidh beagnach dúbailt ar an maoiniú lena aghaidh (os cionn €28 mbilliún ó fhoinsí éagsúla) i gcomparáid leis an tréimhse seacht mbliana roimhe seo (€14.7 billiún).

D'éirigh leis na feisirí €2.2 billiún breise a chinntiú don chlár seo le linn na gcéimeanna deiridh den chaibidlíocht leis an gComhairle.

I ndíospóireacht iomlánach roimh an vóta, rinne an chuid is mó de na cainteoirí trácht ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an aos óg agus leag siad béim ar a thábhachtaí a bheidh an clár Erasmus+ do na glúnta atá le teacht san Eoraip. Meastar an clár Erasmus+ mar an clár is mó rath de chuid an Aontais Eorpaigh. Is féidir súil siar a chaitheamh ar an díospóireacht trí chliceáil anseo.

Méadú ar chuimsiú

Beidh níos mó uirlisí agus acmhainní in Erasmus+ chun tacú le cuimsiú. Beidh ar an gCoimisiún agus ar na ballstáit teacht ar phleananna gníomhaíochta chun feabhas a chur ar an rochtain ar fhoghlaim agus soghluaisteacht do dhaoine ar lú deiseanna a bhíodh acu go traidisiúnta chun páirt a ghlacadh sa chlár – daoine faoi mhíchumas, daoine atá i mbochtaineacht, daoine atá ina gcónaí in áit iargúlta, daoine le cúlra imirce, agus daoine eile nach iad.

Na daoine sin nach bhfuil in acmhainn na costais tosaigh le bheith páirteach sa chlár a chlúdach (ar nós ticéad traenach a cheannach nó lóistín a chur in áirithe), beidh siad in ann deontais bhreise a fháil, lena n-áirítear íocaíochtaí tosaigh. Ní fhéadfar diúltú d'iarratais a mbeidh costais níos airde ag gabháil leo, más féidir na costais sin a nascadh le bearta trína ndéantar cuimsiú a áirithiú.

Soghluaisteacht d'fhoghlaimeoirí fásta

I gcomparáid leis an eagrán roimhe seo de Erasmus+, beidh mic léinn in oideachas aosach in ann níos mó ama a chaitheamh i dtír eile den Aontas i.e. tá an tréimhse uasta dóibhsean fadaithe go dtí sé mhí sa chlár anois. Cabhróidh sé sin le daoine – is cuma cén aois nó cúlra atá acu – le scileanna nua oibre agus saoil a ghnóthú; cabhróidh sé leo oiriúnú níos fearr do na hathruithe atá ag teacht leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus freisin leis na hathruithe atá tarlaithe mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Rochtain níos simplí ar Erasmus+ atá 'níos glaise'

Beidh an t-eagrán nua de Erasmus+ níos simplí agus níos soláimhsithe do na hiarratasóirí, le córais TF atá níos oiriúnaí don úsáideoir agus laghdú ar an bpáipéarachas. Beidh scéim maoinithe speisialta d'eagraíochtaí beaga, amhail clubanna óige agus spóirt, ar fáil faoin gclár. Is 'comhpháirtíochtaí ar mhionscála' a thugtar ar an scéim sin.

Faoin gclár nua freisin, tomhasfar a mhéid a rannchuidíonn sé le spriocanna caiteachais aeráide an Aontais agus laghdófar an lorg comhshaoil atá ag an gclár, mar shampla trí dhreasacht a thabhairt do na rannpháirtithe úsáid a bhaint as modhanna iompair nach bhfuil díobhálach don chomhshaol.

Múnlaí nuálacha oideachais

Beidh an tionscnamh *DiscoverEU* anois ina chuid de Erasmus+. Tugann sé sin an deis do dhaoine óga cur isteach ar phas taistil saor in aisce a ligfidh dóibh taisteal ar fud na hEorpa ar mhaithe leis an bhfoghlaim (e.g. freastal ar dhianchúrsa teanga nó páirt a ghlacadh i gceardlann i músaem) agus ar mhaithe le cur amach a fháil ar an ilghnéitheacht chultúir agus teanga san Eoraip.

Leis an tionscnamh 'Ollscoileanna Eorpacha', beidh mic léinn in ann céim a bhaint amach trí thréimhsí éagsúla staidéir i roinnt tíortha den Aontas a nascadh le chéile. Faoi chuimsiú an tríú tionscnamh – 'Ionaid Barr Feabhais Gairme', cruthófar éiceachórais scileanna áitiúla – ach fós a bhfuil gné idirnáisiúnta ag roinnt leo. Cliceáil anseo le haghaidh tuilleadh eolais

Ráitis na bhfeisirí

"Tá Erasmus+ ar cheann de chláir an Aontais a bhfuil leibhéal maoinithe atá an-ard ag gabháil leis agus tá go leor athruithe agus feabhsúcháin shuntasacha san eagrán nua seo de. Fágann sé sin gur féidir leis leanúint de bheith ag treisiú an mhuintearais Eorpaigh agus deiseanna fostaíochta níos fearr a thabhairt d'Eorpaigh", arsa an rapóirtéir Milan Zver (Páirtí an Phobail Eorpaigh, an tSlóivéin). Dúirt sé freisin: "Déanfaidh an Pharlaimint dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an chláir agus áiritheoidh sí go bhfuil Erasmus+ ag éirí níos cuimsithí agus go dtugann sé deiseanna don líon is mó daoine agus is féidir."

Dúirt Sabine Verheyen (Páirtí an Phobail Eorpaigh, an Ghearmáin), cathaoirleach an choiste um chultúr agus um oideachas: "Is tionscadal Eorpach é Erasmus+ atá ag dul ó neart go neart agus a bhuíochas dár ndícheall ina leith sin, beimid in ann leanúint de sin. Nascann sé daoine ón uile chúlra le chéile agus cuidíonn sé le pobal atá fíor-Eorpach a chruthú. Mar gheall ar an bpaindéim, tá dúshláin ollmhóra ann do dhaoine óga agus dóibh siúd ar fad atá ar bís le dul ag foghlaim nó ag staidéar agus casadh le daoine nua. Rud é seo atá níos deacra fós do dhaoine ó chúlraí imeallaithe. Anois níos mó ná riamh, tá sé tábhachtach don Eoraip freastal orthu agus fónamh dóibh san áit ina bhfuil siad trí uirlisí nua a thabhairt dóibh, rud a ligfidh dóibh forbairt go pearsanta, a ndícheall a dhéanamh agus nascadh lena chéile. Ní fhéadfar aon duine a fhágáil chun deiridh. Is é sin go díreach atáimid ag iarraidh a dhéanamh leis an eagrán nua seo de Erasmus+."

Na chéad chéimeanna eile

Chun trasdul rianúil ón gclárthréimhse roimhe seo a áirithiú, tá forálacha sa rialachán chun a áirithiú go ngabhfaidh éifeacht chúlghabhálach amhail ón 1 Eanáir 2021 leis an eagrán nua de Erasmus+. Tá tús curtha ag an gCoimisiún cheana féin le próisis iarratais agus glaonna ar

thograí, agus tá an rud céanna déanta in go leor de na ballstáit.

Tuilleadh eolais

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas

Téacs arna ghlacadh (18 Bealtaine 2021)

Físeán den díospóireacht (18 Bealtaine 2021)

Preasócáid chomhpháirteach le cathaoirleach agus rapóirtéirí Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh

Seisbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa: clár Erasmus+ don tréimhse 2021-2027

Comhad don nós imeachta

Grianghraif, físeáin agus closábhar saor in aisce a bhaineann leis an eagrán nua de Erasmus+

Teagmhálacha

Agnese KRIVADE
Press Officer
(+32) 228 46 718 (BXL)
(+32) 470 89 01 46
agnese.krivade@europarl.europa.eu
cult-press@europarl.europa.eu
@EPCulture

James MAHER
Social Media Officer
(+32) 473 86 50 37
james.maher@europarl.europa.eu